
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs
and Social Protection



# Do Threoir ar ár Scéimeanna agus Seirbhísí: Daoine Ar Scor agus Daoine Aosta 2020

Bronnadh marc ar an doiciméad seo mar scríobhadh é de réir treoirlínte maidir le teanga shimplí. Cé go ndearnamar ár ndícheall an cháipéis seo a dhéanamh chomh soiléir agus is féidir, tá áthas orainn éisteacht le haon mholtaí a bheadh agat chun í a fheabhsú. Seol chuig communications@welfare.ie do mholtaí le 'Treoracha don Phobail' marcáilte orthu.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi scéim ar bith, iarrtar ort teagmháil dhíreach a dhéanamh le limistéar na scéime. Tá eolas teagmhála ar fáil sa mhír chuí den treoir seo. Tá eolas iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ar **www.welfare.ie**.

Chuir an tAonad um Chumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí an treoir seo le chéile.

2020

# Maidir leis an treoir seo

Gheobhaidh tú gearrchuntas sa treoir seo ar na bealaí inar féidir leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí tacaíochtaíocht a thabhairt duit de réir mar a théann tú in aois. Chomh maith leis sin, gheobhaidh tú eolas chun cabhrú leat rochtain a fháil ar na tacaíochtaí seo.

Déantar go leor plé sa treoir seo mar gheall ar árachas sóisialta pá-choibhneasa (ÁSPC) agus tástáil acmhainne, agus mar sin míneoimíd go gonta iad sa mhír 'Eolas a theastaíonn uait **sula** léifidh tú an treoir seo'. Cabhróidh sé seo leat na ceithre phríomhchuid den treoir seo a thuiscint:

1. Tacaíochtaí Ioncaim
2. Tacaíochtaí Pinsin
3. Tacaíochtaí Cúramóra
4. Tacaíochtaí Teaghlaigh

**Nóta faoi na rátaí íocaíochta atá taispeánta sa treoir seo.**
**Tá na rátaí atá taispeánta sa leabhrán seo ceart agus é á chur i gcló. D'fhéadfadh go n-athróidís. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) a léamh ar www.welfare.ie.**

# Clár


| | |
|---|---|
| Eolas a theastaíonn uait sula léifidh tú an treoir seo | 6 |
| **Cuid 1: Tacaíochtaí Ioncaim** | **10** |
| Réamhrá | 10 |
| Cad is Sochar Cuardaitheora Poist ann? | 10 |
| Cad atá sa Liúntas Cuardaitheora Poist? | 14 |
| **Cuid 2: Tacaíochtaí Pinsin** | **18** |
| Réamhrá | 18 |
| Cad é an Pinsean Stáit (Ranníocach) | 19 |
| Cad é an Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach) | 24 |
| Cad atá sa Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)? | 26 |
| Cad atá sa Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Sibhialta (Neamh-Ranníocach)? | 31 |
| **Cuid 3: Tacaíochtaí Cúramóra** | **34** |
| Réamhrá | 34 |
| Cad is Sochar Cúramóra ann? | 34 |
| Cad is Liúntas Cúramóra ann? | 39 |
| Cad atá sa Deontas Tacaíochta do Chúramóirí? | 43 |

| | |
|---|---|
| **Cuid 4: Tacaíochtaí Teaghlaigh** | **47** |
| Réamhrá | 47 |
| Cad atá sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh? | 47 |
| Cad atá i Saorthaisteal? | 52 |
| Cad atá sa Liúntas Breosla? | 57 |
| **Cuid 5: Tuilleadh Eolais** | **64** |
| Níos mó eolais faoi ÁSPC | 65 |
| Cur síos ar cé a íocann na príomhaicmí ÁSPC atá luaite sa treoir seo | 67 |
| Cén aicmí ÁSPC a chlúdaíonn cén sochar do dhaoine breacaosta | 69 |
| Gluais | 71 |
| Ráta méadaithe do dhuine fásta cáilithe agus leanaí cáilithe 2019 | 76 |
| Tuilleadh eolais | 78 |

# Eolas a theastaíonn uait sula léifidh tú an treoir seo

Ní gá duit an treoir iomlán a léamh. Ní gá ach na codanna a bhaineann leatsa a phiocadh ón leathanach ábhair. Ach is smaoineamh maith é an treoir a choimeád i gcás go mbeadh ort féachaint uirthi amach anseo.

## Míniú ar roinnt focal

Nuair atá tú ag léamh na treorach seo, seans go bhfeicfeá focail nó frásaí nach bhfaca tú roimhe seo. Tá na focail sin aibhsithe agus mínithe i gcuid speisialta ag deireadh na treorach, cuid ar a dtugtar gluais. Sa ghluais tá liosta déanta againn d'fhocail ó A-Z.

**Sampla:**

Má fheiceann tú na focail 'bliain ranníoca ábhartha' aibhsithe ar nós sin, tá a fhios agat go bhfuil míniú le fáil sa ghluais.

## An t-eolas a theastaíonn uait sula léifidh tú an treoir seo

Sula léifidh tú an treoir seo beidh roinnt eolais ag teastáil uait faoi:

- ÁSPC; **agus**
- tástáil acmhainne.

Féachaimis go gairid ar chúpla acu siúd, ceann amháin i ndiaidh a chéile.

## 1. Roinnt eolais faoi ÁSPC

Beidh píosa eolais faoi árachas sóisialta pá-choibhneasa ÁSPC) uait chun oibriú amach ar íoc tú neart ÁSPC (ar a dtugtar ranníocaíochtaí ÁSPC) le go gcáileodh tú le haghaidh roinnt tacaíochtaí a luaimid.

Mar is eol duit cheana, is dócha, ní mór do bheagnach gach duine ÁSPC a íoc cibé acu an bhfuilimid fostaithe nó féinfhostaithe. Ní mór do roinnt daoine a bhfuil ioncam neamhthuillte acu ÁSPC a íoc freisin.

## An fáth go bhfuil ranníocaíochtaí ÁSPC tábhachtach

Chun cáiliú do roinnt íocaíochtaí, is gá neart ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íoctha agat. Seans gur íoc nó go bhfuair tú:

- ranníocaíochtaí agus tú ag obair;
- **ranníocaíochtaí creidiúnaithe** — is é atá iontu siúd ná ranníocaíochtaí a deonaíodh duit ag an Stát nuair nach raibh tú in ann ranníocaíochtaí a íoc (tugtar 'creidmheasanna' orthu uaireanta);
- **ranníocaíochtaí deonacha** — is ranníocaíochtaí ÁSPC iad sin ar féidir leat a roghnú íoc go díreach leis an Roinn mura bhfuil tú ag íoc ÁSPC éigeantaigh a thuilleadh trí do phá ná do thuairisceán cánach;
- ranníocaíochtaí féinfhostaithe (féach ar leathanach 21).

**Tá cineálacha difriúla árachais sóisialta pá-choibhneasa ann chomh maith. Tugtar Aicmí ÁSPC orthu siúd.** Inseoidh do dhuillín pá duit cén aicme de ranníocaíocht ÁSPC a íocann tú. Má tá tú féinfhostaithe agus má thagann do chuid ioncaim go léir ó fhéinfhostaíocht amháin, íocfaidh tú ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme

S má thuilleann tú níos mó ná €5,000 in aghaidh na bliana.

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoi ÁSPC ar leathanach 67. Iarrtar ort an t-eolas ag an gcúl a léamh mar b'fhéidir go mbeadh freagraí ann ar aon cheisteanna atá agat faoi ÁSPC agus d'incháilitheacht do thacaíochtaí leasa shóisialaigh.

Is féidir leat cóip de do thaifead árachais shóisialta a iarraidh:

- ar líne ag mywelfare.ie; **nó**
- trí ghlaoch ar 01 471 5898 agus rogha 4 a roghnú.

## 2. Roinnt eolais faoi thástáil acmhainne

Seans go mbeadh roinnt eolais faoi thástáil acmhainne uait mar déantar 'tástáil acmhainne' maidir le roinnt íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Ciallaíonn 'tástáil acmhainne' go bhfaighimid amach cibé acu an gcáilíonn nó nach gcáilíonn tú do thacaíochtaí. Braitheann sé sin ar:

- d'ioncam;
- luach aon réadmhaoine atá agat (seachas do theach féin);
- aon airgead atá sábháilte agat; **agus**
- aon ioncam ó do chéile nó do pháirtí.

Úsáidimid tástáil acmhainne chun oibriú amach an gcáilíonn tú i gcomhair íocaíochta agus cá mhéad a íocfaimid leat. Ní chuirimid san áireamh an t-ioncam agus an t-airgead go léir atá sábháilte agat sa tástáil acmhainne. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh go bhfaighfeá íocaíocht fiú má tá airgead sábháilte agat.

Níl sa cháipéis seo ach treoir. Más mian leat do staid a phlé linn, iarrtar ort cuairt a thabhairt ar an ionad Intreo nó ar an oifig brainse leasa shóisialaigh i do cheantar áitiúil.



# Cuid 1: Tacaíochtaí Ioncaim

## Réamhrá

Má chailleann tú do phost nuair atá tú níos sine, is féidir leat cur isteach ar:

- Sochar Cuardaitheora Poist, nó
- Liúntas Cuardaitheora Poist

go dtí do 66ú breithlá.

Má tá tú ag fáil na n-íocaíochtaí seo cheana féin, tá eolas ábhartha do chuardaitheoirí poist atá os cionn 62 bliain agus 65 bliain d'aois le fáil ar leathanach 16.

## Cad is Sochar Cuardaitheora Poist ann?

Is é atá i gceist leis an Sochar Cuardaitheora Poist ná íocaíocht do dhaoine atá idir 18 mbliana d'aois agus 66 bliain d'aois a chailleann a bpoist go hiomlán nó go pointe áirithe agus a bhfuil dóthain ranníocaíochtaí árachais shóisialta pá-choibhneasa (ÁSPC) íoctha acu. Féach ar an gcur síos ar cé a íocann ranníocaíochtaí ag na haicmí ÁSPC éagsúla (leathanach 67).

Íoctar Sochar Cuardaitheora Poist ar feadh naoi mí nó sé mhí, agus braitheann sé sin ar mhéid na ranníocaíochtaí árachais shóisialta atá agat.

## Conas a cháilítear?

Chun cáiliú do Shochar Cuardaitheora Poist, ní mór duit:

- a bheith go hiomlán dífhostaithe nó dífhostaithe go pointe áirithe;
- a bheith faoi bhun 66 bliain d'aois;
- a bheith in ann oibriú;
- a bheith ar fáil d'obair lánaimseartha;
- a bheith ag lorg oibre i ndáiríre;
- a bheith tar éis cuid mhaith de do chuid fostaíochta a chailleadh (4 lá as gach 7 lá ar a laghad);
- dóthain rannaíocaíochtaí ÁSPC íoctha nó creidiúnaithe a bheith agat ag aicme A, H nó P (féach ar leathanach 67).

## Árachas sóisialta íoctha i dtír eile

Is féidir leat leas a bhaint as aon rannaíocaíochtaí árachais shóisialta atá íoctha agat i mBallstát eile an AE chun cabhrú leat cáiliú do Shochar Cuardaitheora Poist in Éirinn. Chun do thaifid a thabhairt le chéile, is gá go mbeadh d'áit oibre is déanaí in Éirinn.

## Cá mhéad ranníocaíocht ÁSPC nach mór a bheith íoctha agam le cáiliú?

Is é an bealach is fearr chun tuiscint a fháil ar an méid rannaíocaíochtaí ÁSPC nach mór a bheith íoctha agat le cáiliú ná trí chabhair a fháil ónár bhfoireann san Ionad Intreo áitiúil. Is féidir leat glaoch a chur ar 01 471 5898 agus rogha 4 a roghnú chun iarraidh orainn cóip de do thaifead árachais shóisialta a sheoladh chugat. Cuirfidh sé sin do rannaíocaíochtaí ÁSPC in iúl. Is féidir leat plé a dhéanamh ar an taifead sin le duine dár bhfoireann chomh maith.

## € Cad é ráta na híocaíochta?

Beidh ráta na híocaíochta ag brath ar do mheántuilleamh seachtainiúil sa bhliain ranníoca ábhartha.

Dá mba rud é go raibh tú ag obair go páirtaimseartha le linn na bliana ranníoca ábhartha **agus** nach raibh do mheántuilleamh níos airde ná €300 in aghaidh na seachtaine, ní cháileoidh tú don lánráta íocaíochta.

Féach, le do thoil, ar an tábla thíos le haghaidh sonraí faoi na rátaí íocaíochta laghdaithe.

| Ón 25 Márta 2019 | Laghdaithe |
|---|---|
| **Meántuilleamh seachtainiúil** | **Ráta do dhuine aonair** |
| Níos lú ná €150 | €91.10 |
| €150 nó níos mó ach níos lú ná €220 | €131.00 |
| €220 nó níos mó ach níos lú ná €300 | €159.00 |
| €300 nó níos mó | €203.00 |

**Nóta:** Seans go bhfaighfidh tú ráta íocaíochta níos airde do dhuine fásta cáilithe agus leanaí cáilithe.

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| **Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Sochar Cuardaitheora Poist** |
| --- |
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/JB** |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Baineann tú úsáid as an bhfoirm céanna le hiarratas a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist mar a úsáideann tú don Liúntas Cuardaitheora Poist (féach ar leathanach 16).

Tabharfar cuireadh chun agallaimh duit in Ionad Intreo áitiúil agus cuirfidh siad ar an eolas thú maidir leis na chéad chéimeanna eile agus na cáipéisí atá ag teastáil.

## Cad atá sa Liúntas Cuardaitheora Poist?

Is scéim **de réir tástála acmhainne** é an Liúntas Cuardaitheora Poist. Braitheann an cháilíocht ar d'ioncam agus an bhfuil gnáthchónaí ort in Éirinn.

### Conas a cháilítear?

Chun cáiliú do Liúntas Cuardaitheora Poist, ní mór duit:

- tástáil acmhainne a shásamh (féach ar an gcéad cheannteideal eile);
- a bheith i do ghnáthchónaí in Éirinn;
- a bheith in ann oibriú;
- a bheith ar fáil d'obair lánaimseartha;
- a bheith ag lorg oibre i ndáiríre;
- a bheith go hiomlán dífhostaithe (ar feadh 4 lá as 7 gcinn ar a laghad).

  **Nóta:** Más rud é go bhfuil tú féinfhostaithe, ní bhaineann an coinníoll deireanach sin leat.

## Cad is tástáil acmhainne ann?

Is measúnú é an tástáil acmhainne ar d'ioncam teaghlaigh, airgead taisce, scaireanna, infheistíochtaí nó réadmhaoin atá agat seachas d'áit chónaithe féin. Cuirfear aon ioncam atá ag do chéile, páirtnéir sibhialta nó páirtnéir comhchónaithe san áireamh sa tástáil acmhainne. Cuirfidh an Roinn d'ioncam ó gach foinse san áireamh (d'ioncam ón obair ina measc), agus, is mar sin a ríomhann sí na hachmhainní a bhíonn agat gach seachtain. Baintear úsáid as d'acmhainní chun an íocaíocht a d'fhéadfá a fháil a dhéanamh amach.

**Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfá íocaíocht a fháil fiú má tá airgead sábháilte agat.**

## € Cad é an ráta íocaíochta?

Beidh do ráta ag brath ar d'aois, d'ioncam agus ar thoradh na tástála acmhainne. Gheobhaidh tú an ráta iomlán aonair má chomhlíonann tú na coinníollacha seo:

- tá tú 25 bliain d'aois nó níos sine;
- níl duine fásta cáilithe nó leanaí cáilithe agat; **agus**
- níl achmhainní agat atá measúnaithe ag an Roinn.

| Rátaí an Liúntais Cuardaitheora Poist | Ráta | |
|---|---|---|
| Íocaíocht sheachtainiúil iomlán (25 nó níos sine) | €203.00 | |
| Íocaíocht bhreise do dhuine fásta cáilithe | €134.70 | |
| Íocaíocht breise do leanbh cáilithe | €36.00 | Faoi Bhun 12 |
| | €40.00 | Os cionn 12 |

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/jobseekers** |

## Conas a chuirfidh mé isteach ar an Liúntas agus Sochar Cuardaitheora Poist?

Chun iarratas a dhéanamh, líon isteach an fhoirm iarratais ar a dtugtar **UP1**.

Chun an fhoirm UP1 a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Cuardaitheoirí Poist'.

Molaimid duit iarratas a dhéanamh ar an Liúntas nó Sochar Cuardaitheora Poist chomh sciobtha agus is féidir tar éis do phost a chailleadh.

## Cuardaitheoirí Poist atá os cionn 62 bliain d'aois

Más níos sine ná 62 bliain d'aois thú agus íocaíocht cuardaitheora á fáil agat, **ní** gá duit:

- bualadh le cásoifigeach san Ionad Intreo nó oifig brainse leasa shóisialaigh i do cheantar áitiúil; **nó**
- síniú ar bhonn míosúil.

Den chuid is mó, is féidir leat an íocaíocht a fháil díreach isteach i gcuntas bainc.

## Cuardaitheoirí poist atá os cionn 65 bliain d'aois

Sa chás go bhfuil tú níos sine ná 65 bliain nó go mbaineann tú 65 bliain d'aois amach agus tú ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist agus go bhfuil **156 ranníocaíocht ÁSPC** ar a laghad íoctha nó creidiúnaithe agat, is féidir leat leanúint ag fáil d'íocaíochta go dtí do 66ú breithlá. Tá feidhm aige seo fiú sa chás go bhfuil d'éileamh le dul in éag roimh an dáta sin.



# Cuid 2: Tacaíochtaí Pinsin

## Réamhrá

Insíonn an chuid seo duit faoi phinsin Stáit: Ranníocach agus Neamh-ranníocach. Íoctar ar rátaí éagsúla iad. Tá an ráta do phinsean ranníocach bunaithe ar ÁSPC agus tá an ráta do phinsean neamh-ranníocach bunaithe ar thástáil acmhainne. Déantar tagairt do phinsin ar leith eile chomh maith. **Molaimid duit iarratas a dhéanamh ar an bpinsean Stáit trí mhí sula mbaineann tú aois an phinsin Stáit amach.**

**Íoctar na pinsin go seachtainiúil:**

- ag d'oifig poist áitiúil le do Chárta Seirbhísí Sóisialta nó do Chárta Seirbhísí Poiblí; **nó**
- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas reatha nó taisce (coigiltis) in institiúid airgeadais de do rogha féin.

### Ag obair agus tú ar scor

Is féidir leat leanúint ag obair tar éis 66 bliain aois a bhaint amach agus Pinsean Stáit a fháil má shásaíonn tú na coinníollacha cáilithe uilig chun pinsean a fháil. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais maidir leis na coinníollacha cáilithe sin ar leathanach 20.

**Tábhachtach:** Más **fostaí** thú a íocann ranníocaíocht árachais shóisialta Aicme A, iarr ar d'fhostóir é sin a athrú go hAicme J nuair a shroicheann tú 66. Inseoidh do dhuillín pá duit cén aicme de ranníocaíocht ÁSPC a íocann tú.

Má tá tú **féinfhostaithe** agus ag íoc ranníocaíocht árachais shóisialta Aicme S, ba cheart duit ÁSPC a íoc ag Aicme M tar éis duit 66 bliain a bhaint amach.

## Cad é an Pinsean Stáit (Ranníocach)?

Is sochar árachais shóisialta é an Pinsean Stáit (Ranníocach) a d'fhéadfá a bheith cáilithe dó nuair a bhaineann tú aoiseanna áirithe an phinsin stáit amach. Féach, le do thoil, ar an tábla seo a leanas maidir leis na haoiseanna sin.

| An bhliain inar rugadh tú | Aois cháilitheach do Phinsean Stáit (Ranníocach) |
|---|---|
| 1 Eanáir 1949 agus 31 Nollaig 1954 | 66 |
| 1 Eanáir 1955 agus 31 Nollaig 1960 | 67 |
| 1 Eanáir 1961 nó ina dhiaidh sin | 68 |

Tá an pinsean sin bunaithe ar do ranníocaíochtaí árachais shóisialta pá-choibhneasa (ÁSPC). Ní dhéantar tástáil acmhainne air, mar sin ní bhíonn tionchar ag ioncam eile a bheadh agat ar an íocaíocht a fhaigheann tú, amhail pinsean príobháideach.

Má cháilíonn tú don phinsean sin, is féidir leat leanúint ag obair go lánaimseartha tar éis an aois cáilithe a bhaint amach.

## Conas a cháilítear?

Chun cáiliú don Phinsean Stáit (Ranníocach), ní mór duit **an dá** choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh:

- go bhfuil tús curtha agat le fostaíocht inárachaithe sula sroicheann tú 56 bliain, **agus**
- go bhfuil dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha nó creidiúnaithe agat.

## Cá mhéad ranníocaíocht ÁSPC nach mór a bheith íoctha agam le cáiliú?

Ní mór 520 ranníocaíocht árachais shóisialta lán-ráta a bheith íoctha agat ó chuaigh tú isteach i bhfostaíocht inárachaithe. (Má bhain tú 66 bliain d'aois amach roimh an 6 Aibreán 2012, ní mór 260 ranníocaíocht lán-ráta a bheith íoctha agat.)

Tá dhá ráta pinsin ann, an ráta uasta agus an ráta laghdaithe.

Chun pinsean **uasta** a fháil:

Ní mór meán bliantúil 48 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha nó creidiúnaithe agat a ndearnadh taifead orthu:

- ó 1979; **nó**
- ón dáta a ndeachaigh tú isteach i bhfostaíocht inárachaithe go dtí deireadh na bliana cánach iomláine deireanaí roimh do 66ú breithlá.

Chun pinsean **laghdaithe** a fháil:

Ní mór meán bliantúil 10 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha nó creidiúnaithe agat a ndearnadh taifead orthu:

- ó 1953; **nó**

- ón dáta a ndeachaigh tú isteach i bhfostaíocht inárachaithe (cibé acu is déanaí) go dtí deireadh na bliana cánach iomláine deireanaí roimh do 66ú breithlá.

**Tábhachtach:** Déanfaidh an Roinn measúnú ar do theidlíocht chun Pinsean Stáit (Ranníocach) a fháil bunaithe ar na coinníollacha atá i bhfeidhm ar an dáta a sroicheann tú aois phinsin.

## Ranníocaíochtaí féinfhostaithe

Ranníocaíochtaí árachais shóisialta ag an ráta féinfhostaithe is ea iad ranníocaíochtaí ÁSPC ag Aicme S. Áirítear na ranníocaíochtaí sin mar ranníocaíochtaí lánráta chun críche an Phinsin Stáit (Ranníocaíoch). Tugadh ranníocaíochtaí árachais shóisialta do dhaoine féinfhostaithe isteach ar an 6 Aibreán 1988.

Dá mba rud é go raibh tú féinfhostaithe agus gur thosaigh tú ag íoc ranníocaíochtaí Aicme S **ar an 6 Aibreán 1988**, d'fhéadfadh go measfadh an Roinn do theidlíocht i leith Pinsin Stáit (Ranníocach) de réir do thaifid árachais shóisialta ón dáta sin.

Déanfaidh an Roinn sin má oibríonn sé amach níos fearr duit agus do theidlíocht á háireamh agus má shásaíonn tú na coinníollacha eile do Phinsean Stáit (Ranníocach).

Má thosaigh tú ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme S **tar éis an 6 Aibreán 1988**, ríomhfaidh an Roinn do theidlíocht ón dáta a ndearnadh do chéad ranníocaíocht (an dáta a ndeachaigh tú i bhfostaíocht inárachaithe den chéad uair).

## Árachas sóisialta íoctha i dtír eile

Is féidir leat úsáid a bhaint as ranníocaíochtaí árachais shóisialta a d'íoc tú i dtír a chuimsíonn Rialacháin an CE, nó tír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn léi chun an riachtanas 520 (260) maidir le ranníocaíochtaí íoctha le haghaidh do phinsean a shásamh.

## Má tá cónaí ort nó má tá sé ar intinn agat cónaí a bheith ort lasmuigh den Stát

Má tá cónaí ort nó má tá sé beartaithe agat go mbeidh cónaí ort lasmuigh den Stát, is féidir leis an Roinn do phinsean a íoc díreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais in Éirinn nó sa tír a roghnaíonn tú cónaí inti.

## € Cad é ráta na híocaíochta?

Beidh do ráta íocaíochta ag brath ar do chuid ranníocaíochtaí ÁSPC. Is éard atá sa ráta ná ráta pearsanta chomh maith le haon mhéadú nó liúntais a d'fhéadfadh a bheith dlite duit. Tugtar méaduithe ar liúntais i leith:

- méadú do dhuine fásta cáilithe (tástáilte ó thaobh acmhainne de);
- méadú do leanbh cáilithe (tástáilte ó thaobh acmhainne de);
- Liúntas Breosla (tástáilte ó thaobh acmhainne de, féach ar leathanach 57 le haghaidh tuilleadh sonraí);
- Liúntas Maireachtála Aonair;
- Liúntas 80 Bliain d'Aois;
- Liúntas Tacaíochta Teileafóin;
- Liúntas Oileáin.

Ón 1 Meán Fómhair 2012, tá ráta an phinsin ag brath ar líon meánach bliantúil na ranníocaíochtaí ÁSPC atá agat. Taispeántar sa tábla thíos an t-uasráta seachtainiúil pearsanta íocaíochta ar féidir le duine a fháil.

| Ranníocaíocht bhliantúil mheánach | Ráta íocaíochta seachtainiúla |
|---|---|
| 48 bliain nó níos mó (66 bliain agus níos óige ná sin) | €248.30 |
| 80 bliain agus níos sine | €258.30 |

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Má tá tuilleadh eolais uait |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/SPC** áit a bhfaighfidh tú mír **Ceisteanna Coitianta** agus tuilleadh eolais níos mionsonraithe faoi theidlíocht phinsin. |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Chun iarratas a dhéanamh, líon isteach an fhoirm iarratais **SPC1** agus na cáipéisí tacaíochta, agus seol iad chuig an seoladh ar leathanach 32.

**Molaimid duit iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Stáit (Ranníocach) trí mhí sula sroicheann tú 66.**

## Cad é an Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)?

Is íocaíocht de réir tástála acmhainne é an pinsean seo mura gcáilíonn tú do phinsean ranníocach bunaithe ar do thaifead ranníocaíochta ÁSPC **nó** mura gcáilíonn tú ach do ráta laghdaithe an Phinsin Stáit (Ranníocach). Seans go bhfaighfidh tú ráta íocaíochta níos airde má roghnaíonn tú an Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach) seachas Pinsean Stáit laghdaithe (Ranníocach).

### Conas a cháilítear?

Chun cáiliú, caithfidh siad seo a leanas a bheith agat:

- a bheith 66 bliain d'aois nó níos mó;
- tástáil acmhainne a chomhlíonadh;
- a bheith i do ghnáthchónaí sa Stát.

### € Cad é ráta na híocaíochta?

Braitheann ráta do phinsin ar thoradh na tástála acmhainne. Taispeántar sa tábla thíos an t-uasráta seachtainiúil pearsanta íocaíochta ar féidir le duine a fháil mura bhfuil aon ioncam acu ó fhoinse ar bith.

| Uasráta seachtainiúil pearsanta íocaíochta | |
|---|---|
| Aois | Ráta |
| 66 bliain agus faoi bhun 80 bliain | €237.00 |
| 80 bliain agus níos sine | €247.00 |

## Má tá tuilleadh eolais uait

Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/SPNC** áit a bhfaighfidh tú mír **Ceisteanna Coitianta** agus tuilleadh eolais níos mionsonraithe faoi theidlíocht phinsin

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Chun iarratas a dhéanamh, líon isteach an fhoirm iarratais **SPNC1** agus na cáipéisí tacaíochta agus seol iad chuig an seoladh ar leathanach 30.

**Molaimid duit iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Stáit (Neamh-ranníocach) trí mhí sula sroicheann tú 66.**

# Cad atá sa Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)?

Íoctar sin nuair a shásaíonn tú féin nó do chéile nó do pháirtnéir sibhialta nach maireann coinníollacha áirithe maidir le hárachas sóisialta. Ní mór go mbeadh na coinníollacha seo ar fad comhlíonta ar thaifead duine **amháin**. Ní féidir leat an dá thaifead a chomhcheangal le chéile. Ní mór go mbeadh gach ranníocaíocht déanta roimh bhás do chéile nó do pháirtnéara shibhialta.

## Conas a cháilítear?

Chun cáiliú, ní mór go mbeadh A **agus** B agat nó ag d'iarchéile nó d'iarpháirtnéir sibhialta (tá dhá rogha ann maidir le B).

A) **260** ranníocaíocht árachais shóisialta **ar a laghad íoctha** go dtí dáta báis do chéile nó d'iarpháirtithe **nó** íoctha sular shroich siad aois an phinsin (66 bliain d'aois faoi láthair), cibé acu atá níos luaithe; **agus**

B) meán bliantúil de cheachtar díobh seo:

**39** ranníocaíocht árachais shóisialta **ar a laghad íoctha nó creidiúnaithe** sna trí bliana nó cúig bliana sular bhásaigh do chéile nó do pháirtnéir nó sular bhain siad aois an phinsin amach (tugtar an '**Meán Bliantúil Gearr**' air sin);

**nó**

**24** ranníocaíocht árachais shóisialta **ar a laghad íoctha nó creidiúnaithe** ón mbliain ina ndeachthas isteach san árachas sóisialta den chéad uair go dtí bliain bháis do chéile nó do pháirtnéara shibhialta, no an bhliain inar shroich siad aois phinsin, cibé acu is luaithe (tugtar an '**Meán Bliantúil Fada** ' air sin).

## € Cad é ráta na híocaíochta?

Chun do ráta íocaíochta a fháil, ríomhaimid do '**Mheán Bliantúil Gearr**' (mínítear é seo ar leathanach 26). Más ionann sin agus 39 nó níos mó, cáileoidh tú don uasráta.

Más ionann sin agus 39, ríomhaimid do '**Mheán Bliantúil Fada**'. Más ionann sin agus 48, cáileoidh tú don uasráta seachtainiúil. Más ionann é agus 47 nó níos lú, cáileoidh tú do ráta íocaíochta laghdaithe.

## Ráta íocaíochta pearsanta Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) (ón 30 Márta 2019)

| Ranníocaíochtaí | Faoi bhun 66 bliain d'aois | 66 bliain d'aois nó níos sine |
|---|---|---|
| 48 ranníocaíocht nó níos mó | €208.50 | €248.30 |
| 36-47 ranníocaíocht | €205.40 | €243.40 |
| 24-35 ranníocaíocht | €202.90 | €237.70 |

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/WWS** nó cuir glaoch ar (071) 915 7100 |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Má tá **cónaí ort i bPoblacht na hÉireann**, líon isteach an fhoirm iarratais **WCP1** le do thoil agus seol chuig an seoladh thíos í in éineacht leis na cáipéisí tacaíochta. Chun an fhoirm a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Méala'.

**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

**Má tá cónaí ort i dtír AE** nó tír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn léi, agus má tá árachas sóisialta íoctha agat sa tír sin, ba chóir duit iarratas a chur isteach chuig an ngníomhaireacht leasa shóisialaigh sa tír sin. Seolfaidh siad sonraí chugainn faoi d'iarratas agus aon taifid árachais shóisialta is ábhartha.

**Tábhachtach: Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an bpinsean seo laistigh de sé mhí tar éis bháis do chéile nó do pháirtnéara shibhialta.**

## Is baintreach, baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach mé, ach ní cháilím don phinsean seo. Cad is féidir liom a dhéanamh?

| Sa chás go bhfuil tú | Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar |
|---|---|
| faoi bhun 66 bliain agus go bhfuil leanbh cáilithe agat | Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora do bhaintreach/baintreach fir |
| faoi bhun 66 bliain agus nach bhfuil leanbh cáilithe agat | Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) |
| 66 bliain d'aois nó níos sine | Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach) |

| Uasráta seachtainiúil pearsanta | |
|---|---|
| | Ráta 2020 |
| Baintreach, baintreach fir nó páirtnéir sibhialta a mhaireann (faoi bhun 66) | €203 |

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-ranníocach) |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/WWSNC** nó glaoigh air (071) 915 7100 |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Chun iarratas a dhéanamh, líon isteach an fhoirm **WP1**. Chun an fhoirm a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Méala'.

Iarrtar ort an fhoirm iarratais líonta **WP1** in éineacht le cáipéisí tacaíochta a sheoladh chuig an Roinn.

**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

## Cad atá sa Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Sibhialta (Neamh-ranníocach)?

Is íocaíocht de réir tástála acmhainne é an pinsean seo atá iníochtha le baintreach, baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach nach bhfuil incháilithe d'íocaíocht ranníocach baintrí, baintrí fir, **nó** páirtnéara shibhialta.

Is íocaíocht í seo do bhaintreacha, baintreacha fir nó páirtnéirí sibhialta marthanacha **nach bhfuil leanaí cleithiúnacha acu**. Is féidir le daoine a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu iarratas a dhéanamh ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora **nó** íocaíocht idirthréimseach do Chuardaitheoirí Poist.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an bPinsean Stáit (Neamh-ranníocach) nuair a shroicheann tú 66 bliana d'aois. Tá an pinsean sin inchánach ach ní dócha go n-íocfaidh tú cáin más é an t-aon ioncam amháin atá agat.

### Conas a cháilítear?

Chun cáiliú, caithfidh siad seo a leanas a bheith agat:

- a bheith i do bhaintreach, bhaintreach fir nó pháirtnéir sibhialta marthanach;
- gan a bheith in aontíos le duine eile;
- tástáil acmhainne a chomhlíonadh;
- gnáthchónaí a bheith ort sa Stát.

### € Cad é an ráta íocaíochta?

Braitheann ráta an phinsin ar thoradh na tástála achmainne. Taispeántar sa tábla ar an gcéad leathanach eile an t-uasráta seachtainiúil pearsanta íocaíochta ar féidir le duine a fháil mura bhfuil aon ioncam acu ó fhoinse ar bith.

| Uasráta seachtainiúil pearsanta | |
|---|---|
| Baintreach, baintreach fir nó páirtnéir sibhialta a mhaireann (faoi bhun 66) | €203.00 |

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-ranníocach) |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/WWSNC** nó glaoigh air (071) 915 7100 |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Chun iarratas a dhéanamh, líon isteach an fhoirm **WP1**. Chun an fhoirm a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Méala'.

Iarrtar ort an fhoirm iarratais líonta **WP1** in éineacht le cáipéisí tacaíochta a sheoladh chuig an Roinn.

**Seirbhísí Leasa Shóisialaigh**
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384



# Cuid 3: Tacaíocht do Chúramóirí

## Réamhrá

Insíonn an chuid seo den treoir duit faoi Shochar Cúramóra, Liúntas Cúramóra agus Deontas Tacaíochta do Chúramóirí. Insítear duit faoi na coinníollacha chun iad seo a fháil, conas iarratas a chur isteach, na rátaí íocaíochta mar aon le sonraí ábhartha eile.

## Cad atá sa Sochar Cúramóra?

Is é atá i Sochar Cúramóra ná íocaíocht a dhéantar le duine a imíonn ón bhfórsa oibre chun aire a thabhairt do leanbh nó duine fásta a dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha uathu.

## Conas a cháileoidh mé do Shochar Cúramóra?

D'fhéadfá cáiliú don Sochar Cúramóra má chomhlíonann tú na riachtanais seo a leanas.

**Riachtanas aoise**

Tá tú 16 bliana d'aois nó níos sine agus níos óige ná 66 bliana d'aois.

**Riachtanais oibre**

- Bhí tú fostaithe ar feadh ocht seachtaine ar a laghad, cibé acu an raibh nó nach raibh na seachtainí sin i ndiaidh a chéile, sa tréimhse 26 seachtain roimhe seo.

- Tá tú ag obair ar feadh 16 huaire an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine nó ar feadh 32 uair an chloig in aghaidh na coicíse. Ní gá duit an coinníoll seo a shásamh má bhí tú ag fáil Sochar Cúramóra sna 26 seachtain roimhe sin.

- Éiríonn tú as do phost chun a bheith i do chúramóir lánaimseartha agus ní mór duit a bheith i do chónaí leis an duine a bhfuil cúram de dhíth orthu nó in ann cúram and aird lánaimseartha a thabhairt don duine sin a bhfuil sé de dhíth orthu agus nach bhfuil ina gcónaí in ionad cúraim.

### Riachtanas maidir le staid chónaithe

- Níl tú ag obair, féinfhostaithe ná i mbun chúrsa oiliúna ná oideachais lasmuigh den bhaile ar feadh níos mó ná 18.5 uaire an chloig in aghaidh na seachtaine, agus is é an t-uasmhéid a thuilleann tú ná €332.50 in aghaidh na seachtaine tar éis cánacha. **Nóta:** ní mór duit taispeáint dúinn go bhfuil dóthain cúraim ag an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh agus tú ag obair.

- Níl cónaí ort in ospidéal, ionad téarnaimh ná institiúid eile dá leithéid. Ach d'fhéadfadh go measfaí fós go bhfuil tú ag tabhairt cúram agus aird lánaimseartha má tá tusa, nó an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh, ag fáil cóireáil leighis nó cóireáil eile in ospidéal ar feadh níos lú ná 13 seachtaine.

### Riachtanas ÁSPC

Ní mór go sásófa na coinníollacha maidir le ranníocaíocht árachais sóisialta (ÁSPC. Má tá tú ag déanamh iarratais den chéad uair, caithfidh siad seo a leanas a bheith agat:

- 156 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha ag aicme A,B, C, D, E nó H;

**agus**

- 39 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha sa bhliain ranníoca ábhartha;

**nó**

- 39 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha sna 12 mhí roimh an dáta ar a ndéanann tú éileamh ar Shochar Cúramóra;

**nó**

- 26 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha agat sa bhliain ranníoca ábhartha agus 26 ranníocaíocht ÁSPC a bheith íoctha sna 12 mhí roimh an mbliain ranníoca ábhartha.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le haicmí ÁSPC, agus na daoine atá sna haicmí éagsúla mar aon leis na sochair a chlúdaíonn gach aicme, féach ar leathanach 67.

### Cé chomh fada agus is féidir liom Sochar Cúramóra a fháil?

Is féidir leat Sochar Cúramóra a fhail ar feadh suas go 104 seachtain le haghaidh gach duine a dtugann tú aire dóibh.

Is féidir leat d'íocaíocht a éileamh i dtréimhse shingil **nó** i dtréimhsí ar leith ar feadh suas le 104 seachtain. **Ach**, má éilíonn tú Sochar Cúramóra ar feadh níos lú ná sé seachtaine i ndiaidh a chéile i dtréimhse ar bith, ní mór duit fanacht ar feadh sé seachtaine eile sular féidir leat Sochar Cúramóra a éileamh chun aire a thabhairt don duine céanna arís.

Má tá tú ag tabhairt aire do níos mó ná duine amháin, féadfaidh tú íocaíocht a fháil le haghaidh 104 seachtain le haghaidh gach duine a dtugann tú aire dóibh. D'fhéadfadh, mar thoradh air sin, go mbeadh na tréimhsí cúraim ag tarlú ag an am céanna.

### Clúdach má tá tú imithe ón mbaile

Má tá tú amach ón mbaile, ní mór go mbeifeá in ann cúram agus aird lánaimseartha leordhóthanach a shocrú don duine a dtugann tú aire dóibh.

Ní mór go sásódh **an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh** na coinníollacha seo:

- tá siad 16 nó níos sine agus teastaíonn cúram agus aird lanaimseartha uathu

**nó**

- tá siad faoi bhun 16 agus tá an Liúntas Cúraim Baile (LCB) á íoc ina leith.

Meastar duine mar dhuine a bhfuil gá acu le cúram agus aird lánaimseartha:

- nuair a theastaíonn maoirseacht leanúnach uathu chun nach mbeidís i gcontúirt;

**nó**

- nuair a theastaíonn maoirseacht leanúnach agus cúnamh uathu go minic i rith an lae i ndáil le gnáthfheidhmeanna an choirp;

**agus**

- nuair is dochá go mbeidh cúram agus aird lánaimseartha uathu ar feadh 12 mhí ar a laghad.

## Aire a thabhairt do leanbh

D'fhéadfadh go mbeifeá in ann Sochar Cúramóra a fháil má thugann tú aire do leanbh a cháilíonn don Liúntas Cúraim Baile (LCB). Ní gá gur tusa an duine a fhaigheann an liúntas don leanbh chun go mbreathnófaí ort mar chúramóir an linbh.

## € Cad é ráta an tSochair Cúramóra?

| Ón 25 Márta 2019 |
|---|
| €220 in aghaidh na seachtaine |

**Is féidir le ráta aon íocaíochta athrú. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Le haghaidh níos mó eolais faoin Sochar Cúramóra |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/Carers-Benefit** nó cuir glaoch ar (071) 919 3302 |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Líon isteach an fhoirm **CARB1**. Cuir léi tuairisc leighis dochtúra agus í sínithe freisin ag an duine a mbeidh tú ag tabhairt aire dóibh. Ach ní theastaíonn tuairisc leighis uait má tá tú ag tabhairt aire do leanbh agus má íoctar LCB ina leith.

Chun an fhoirm a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Cúramóirí'.

Iarrtar ort d'fhoirm iarratais **CARB1** in éineacht leis na cáipéisí tacaíochta a sheoladh chuig an Roinn seo:

**Rannóg an tSochair Cúramóra**
An Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Foirgnimh Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort
N39 E4E0

**Tábhachtach: Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar Shochar Cúramóra 10 seachtaine sula n-imíonn tú ón obair.**

## Cad is Liúntas Cúramóra ann?

Is é atá sa Liúntas Cúramóra ná íocaíocht de réir tástála acmhainne le daoine atá ag tabhairt aire go lánaimseartha do dhuine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil breoiteacht orthu. Ní mór go mbeadh cúram agus aird lánaimseartha ag teastáil ón duine a bhfuil aire á tabhairt dóibh.

## Conas a cháilítear?

D'fhéadfá cáiliú don Liúntas Cúramóra má chomhlíonann tú na **ceithre** riachtanas seo.

**Riachtanas aoise**

Tá tú 18 mbliana d'aois nó níos sine.

**Riachtanais oibre**

- Níl tú ag obair, féinfhostaithe, i mbun chúrsa oiliúna ná oideachais lasmuigh den teach ar feadh níos mó ná 18.5 huair in aghaidh na seachtaine. **Nóta:** ní mór duit taispeáint dúinn go bhfuil dóthain cúraim ag an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh agus tú ag obair.

**Riachtanas maidir le staid chónaithe**

- Tá gnáthchónaí ort i Stát na hÉireann.
- Tá cónaí ort le **nó** tá tú in ann cúram agus aird lánaimseartha a thabhairt do dhuine a dteastaíonn cúram uathu agus nach bhfuil gnáthchónaí orthu in institiúid.
- **Níl** tú i do chónaí in ospidéal, ionad téarnaimh ná institiúid eile dá leithéid. Ach d'fhéadfadh go measfaí fós go bhfuil tú ag tabhairt cúram agus aird lánaimseartha má tá tusa, nó an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh, ag fáil cóireáil leighis nó cóireáil eile in ospidéal ar feadh níos lú ná 13 seachtaine.

## Riachtanas don chlúdach má tá tú imithe ón mbaile

Má tá tú amach ón mbaile, ní mór go mbeifeá in ann cúram agus aird lánaimseartha leordhóthanach a shocrú don duine a dtugann tú aire dóibh.

Ní mór go sásódh an **duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh** na coinníollacha seo:

- tá siad 16 nó níos sine agus teastaíonn cúram agus aird lanaimseartha uathu;

**nó**

- tá siad faoi bhun 16 agus tá an LCB á íoc ina leith.

Meastar duine mar dhuine a bhfuil gá acu le cúram agus aird lánaimseartha:

- nuair a theastaíonn maoirseacht leanúnach uathu chun nach mbeidís i gcontúirt;

**nó**

- nuair a theastaíonn maoirseacht leanúnach agus cúnamh uathu go minic i rith an lae i ndáil le gnáthfheidhmeanna an choirp; **agus**
- nuair is dócha go mbeidh cúram agus aird lánaimseartha uathu ar feadh 12 mhí ar a laghad.

## € Cad é ráta seachtainiúil an Liúntais Cúramóra?

Braitheann ráta na híocaíochta ar thoradh na tástála acmhainne. Taispeántar sa tábla thíos an t-uasráta seachtainiúil pearsanta íocaíochta ar féidir le duine a fháil mura bhfuil aon ioncam acu ó fhoinse ar bith.

| Aois cúramóra | Uasráta seachtainiúil íocaíochta |
|---|---|
| Cúramóir faoi bhun 66 | €219.00 |
| Cúramóir atá 66 nó níos sine | €257.00 |

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Le haghaidh níos mó eolais faoin Liúntas Cúramóra |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/Carers-Allowance** nó cuir glaoch ar (043) 334 0000 |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Chun iarratas a dhéanamh, líon isteach an fhoirm iarratais ar a dtugtar **CR1**. Cuir léi tuairisc leighis dochtúra agus í sínithe freisin ag an duine a mbeidh tú ag tabhairt aire dóibh. Ach níl foirm leighis ag teastáil uait má tá tú ag tabhairt aire do leanbh a fhaigheann LCB.

Chun an fhoirm a fháil, tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Cúramóirí'.

Cuir d'iarratas leis na cáipéisí tacaíochta ábhartha ar ais chuig an Roinn seo:

**An Rannóg Liúntais Cúramóra**
An Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Foirgnimh Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort
N39 E4E0

# Cad atá sa Deontas Tacaíochta do Chúramóirí?

Is é atá sa Deontas Tacaíochta do Chúramóirí ná íocaíocht bhliantúil le cúramóirí a fhaigheann Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúraim Baile (LCB). Is féidir é a íoc freisin le cúramóirí áirithe eile a thugann cúram lánaimseartha. Is féidir le cúramóirí an deontas a úsáid cibé bealach ar mian leo.

## Conas a cháilítear?

Cáileoidh tú go huathoibríoch don Deontas Tacaíochta do Chúramóirí má fhaigheann tú:

- Liúntas Cúramóra;
- Sochar Cúramóra; **nó**
- Liúntas Cúraim Baile.

Mura bhfuil ceann ar bith de na híocaíochtaí seo á fáil agat, d'fhéadfá cáiliú dó má chomhlíonann tú na coinníollacha seo a leanas.

**Má tá cónaí ort leis an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh agus:**

- má tá tú 16 nó níos sine;
- má tá gnáthchónaí ort in Éirinn – in éineacht leis an duine;
- má thugann tú aire don duine go lánaimseartha; **agus**
- má tá tú ag tabhairt aire don duine ar feadh sé mhí ar a laghad agus cuimsíonn an tréimhse sin an chéad Déardaoin i mí an Mheithimh.

**Mura bhfuil cónaí ort leis an duine sin, ní mór go mbeifí in ann teagmháil a dhéanamh leat go tapa ar an nguthán nó ar aláram nó córas díreach eile um chumarsáid.**

Ní cháileoidh tú don Deontas Tacaíochta do Chúramóirí:

- má tá tú ag obair níos mó ná 18.5 huaire an chloig lasmuigh den teach;
- tá tú ag gabháil do chúrsa oideachais nó oiliúna ar feadh níos mó ná 18.5 huaire an chloig in aghaidh na seachtaine;
- tá tú ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist;
- tá tú ag síniú i gcomhair ranníocaíochtaí creidiúnaithe; **nó**
- tá cónaí ort in ospidéal, ionad téarnaimh nó in institiúid eile dá leithéid.

Má tá tú ag tabhairt aire do níos mó ná duine amháin, gheobhaidh tú deontas le haghaidh gach duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh.

## € Cad é ráta an Deontais Tacaíochta do Chúramóirí?

Is ionann an Deontas Tacaíochta do Chúramóirí agus €1,700 le haghaidh gach duine a dtugann tú aire dóibh. Íoctar é uair amháin sa bhliain, ar an gcéad Déardaoin i mí an Mheithimh de ghnáth.

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

| Le haghaidh níos mó eolais faoin Deontas Tacaíochta do Chúramóirí |
| --- |
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/CarersSupport** nó cuir glaoch ar (01) 673 2222 |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Má tá tú ag fáil Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra nó Liúntas Cúraim Baile, ní gá duit iarratas a dhéanamh ar an Liúntas Tacaíochta do Chúramóirí. Íocfaimid go huathoibríoch thú gach Meitheamh.

**Mura bhfuil** ceann ar bith de na híocaíochtaí seo á fáil agat, líon isteach an fhoirm **CSG1**

ar son gach duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh.

Is féidir leat foirm **CSG1** a fháil ó:

- d'ionad Intreo áitiúil,
- an oifig brainse leasa shóisialaigh i do cheantar áitiúil,
- an oifig Eolais do Shaoránaigh i do cheantar áitiúil,

  **nó**
- tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Cúramóirí'.

Seol d'iarratas comhlánaithe, in éineacht leis na cáipéisí tacaíochta ábhartha, ar ais chuig:

**Rannóg an Deontais Tacaíochta do Chúramóirí**
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Bosca Poist 10085
Baile Átha Cliath 2



# Cuid 4: Tacaíocht teaghlaigh

## Réamhrá

Insíonn an chuid seo duit faoin bPacáiste Sochair Teaghlaigh, an Scéim Saorthaistil agus an Scéim Liúntais Breosla.

## Cad atá sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh?

Is é atá sa Phacáiste Sochar Teaghlaigh ná pacáiste liúntas a chabhraíonn leat leis na costais as do theaghlach a rith. Tá an pacáiste ar fáil do gach duine os cionn 70 agus do dhaoine áirithe faoi bhun 70 i gcúinsí áirithe.

Ní féidir ach le duine amháin i dteaghlach cáiliú don phacáiste ag am ar bith. Ní mór duit a thaispeáint gur tusa an tomhaltóir cláraithe ag an seoladh a bhfuil tú ag déanamh iarratais ar an bPacáiste Sochar Teaghlaigh lena aghaidh, mar shampla trí bhille fóntais a chur ar fáil.

Más rud é go bhfuil tú ag fáil tí ar cíos, ní mór do do thiarna talún dhá rud a dhéanamh:

- deimhniú scríofa a chur ar fáil ina gcuirtear in iúl go bhfuil tú i do thionónta (an UTMP (Uimhir Thagartha Méadarphointe) san áireamh) **nó** UTGP scríofa a sholáthar (Uimhir Thagartha Gásphointe den áit a bhfuil tú i do chónaí ann); **agus**
- deimhnigh go bhfuil tú ag íoc as do bhillí fuinnimh féin (mar shampa: is féidir leat bille fuinnimh le d'ainm air a thaispeáint).

## Conas a cháilítear?

Bíonn na coinníollacha chun cáiliú don Phacáiste Sochar Teaghlaigh difriúil, agus braitheann sé sin ar d'aois agus an íocaíocht atá tú ag fáil ón Roinn. Féach ar na coinníollacha ginearálta thíos agus na coinníollacha a bhfuil an baint is mó acu leat ar na chéad leathanaigh eile, 52 go dtí 63.

Ní mór do gach duine **coinníollacha ginearálta** an phacáiste a chomhlíonadh, agus is iad sin:

- ní mór duit a bheith i do chónaí go dlíthiúil agus go buan sa Stát;
- ní féidir ach le duine amháin i ngach teaghlach an sochar seo a éileamh;
- caithfidh gur tusa custaiméir cláraithe an chomhlachta leictreachais nó gáis má tá iarratas á dhéanamh agat ar Liúntas Leictreachais nó Gáis Nádúrtha; **agus**
- ní mór duit d'fhéiniúlacht a dheimhniú tríd an bproiséas clárúcháin SAFE nuair a iarrann an Roinn ort. Nuair atá an clárúchán SAFE déanta agat, seolfaidh an Roinn Cárta Seribhísí Poiblí (CSP) chugat.

D'fhéadfá cáiliú le haghaidh Pacáiste Sochar Teaghlaigh má chomhlíonann tú **ceann** de na sé choinníoll seo a leanas:

1. Tá tú níos sine ná 70 bliain d'aois.
2. Tá tú ag fáil Liúntas Cúramóra. Caithfidh tú a bheith ag tabhairt cúram lánaimseartha agus a bheith i do chónaí leis an té a bhfuil tú ag tabhairt aire dó/di.

3. Tá tú idir 66 agus 70 agus tá tú ag fáil:

- Pinsean Stáit (Ranníocach);
- Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach);
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir, nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh;
- Sochar nó Liúntas Banchéile Tréigthe; **agus**
- Gnáthphinsean Baintrí nó Baintrí Fir Garda ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; **nó**
- Pinsean/Sochar Slándála Sóisialta comhionann ó thír eile atá clúdaithe ag Rialacháin an AE, nó ó thír lena bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn.

4. Tá tú faoi bhun 66 bliain agus tá na nithe seo a leanas á bhfáil agat:

- Liúntas Míchumais;
- Pinsean Easláine;
- Pinsean na nDall;
- Forlíonadh Éagumais nó Cúiteamh don Lucht Oibre le Pinsean Míthreorach (ar feadh 12 mhí ar a laghad); **nó**
- Pinsean/Sochar Slándála Sóisialta comhionann ó thír eile atá clúdaithe ag Rialacháin an AE, nó ó thír lena bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialta ag Éirinn.

5. Tá tú ag tabhairt aire do dhuine a bhfuil Liúntas Síorfhreastail á fháil acu.

6. Tá tú idir 66 agus 70 bliain d'aois agus comhlíonann tú tástáil acmhainne.

## € Cad é an ráta íocaíochta?

| Liúntas | Ráta |
|---|---|
| Leictreachas nó Gás | €35 sa mhí |
| Ceadúnas teilifíse | Nuair a cháilíonn tú don Phacáiste Sochair Teaghlaigh, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar do Cheadúnas Teilifíse saor in aisce ón gcéad dáta athnuachana eile. Ní mór duit iarratas a dhéanamh air sin ar d'fhoirm Pacáiste Sochair Teaghlaigh (féach **Conas a chuirfidh mé iarratas isteach?** ar leathanach 51). |

**D'fhéadfadh go n-athródh ráta íocaíochta ar bith. Le haghaidh rátaí íocaíochta reatha, iarrtar ort féachaint ar Leabhrán Rátaí Íocaíochta na Roinne (SW19) ar www.welfare.ie.**

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Is féidir leat foirm iarratais ar a dtugtar **HB1** a fháil ó:

- d'ionad Intreo áitiúil;
- an oifig brainse leasa shóisialaigh i do cheantar áitiúil;
- an oifig Eolais do Shaoránaigh i do cheantar áitiúil; **nó**
- tabhairt cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Tacaíochtaí Eile'.

Seol d'iarratas leis na cáipéisí tacaíochta ábhartha ar ais chuig:

**Rannóg na Sochar Teaghlaigh**
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

## Cad atá i Saorthaisteal?

Ligeann an Scéim Saorthaistil duit taisteal saor in aisce ar an iompar poiblí go léir ar leis an Stát é. Áirítear leis sin an bus, an traein agus LUAS Bhaile Átha Cliath, ach tá roinnt eisceachtaí i gceist.

Tá gach duine atá 66 bliain d'aois nó níos sine, agus a bhfuil cónaí dlíthiúil buan orthu sa Stát, i dteideal an Scéim Saorthaistil. Cáilíonn roinnt daoine faoi bhun 66 chomh maith.

Má cháilíonn tú do Shaorthaisteal, faigheann tú cárta a ligeann duit taisteal saor in aisce ar iompar poiblí. Ní mór duit an cárta a thaispeáint chun an scéim seo a úsáid.

### Pas Saorthaistil Compánaigh

I roinnt cásanna bíonn Pas Saorthaistil Compánaigh ar fáil. Is féidir le do chompánach taisteal leat saor in aisce leis an gcárta seo. Níl cead ag aon duine eile do Phas Saorthaistil a úsáid; is duitse amháin é.

Bíonn saorthaisteal ar fáil ar líon teoranta seirbhísí a oibríonn cuideachtaí príobháideacha bus. Glacann oibreoirí príobháideacha bus a shocraigh chun páirt a ghlacadh sa Scéim Saorthaistil le cártaí taistil saor in aisce. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun seiceáil an nglacann d'oibreoir bus phríobháidigh leis na Cártaí Saorthaistil.

Ní mór duit cloí leis na rialacha a bhaineann leis an gcineál iompair atá á thógáil agat nuair atá tú ag baint úsáid as do Chárta Saorthaistil.

## Conas a cháilítear?

D'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal saorthaistil má tá cónaí dlíthiúil buan ort sa Stát. Tá feidhm ag na rialacha seo a leanas freisin.

### Aois

Tá tú i dteideal Scéime Saorthaistil nuair atá tú 66 bliain d'aois nó níos sine.

### Sochar a fháil

D'fhéadfadh freisin go mbeifeá i dteideal saorthaistil má tá tú ag fáil:

- Liúntas Míchumais;
- Pinsean na nDall;
- Liúntas Cúramóra; **nó**
- Pinsean Easláine.

### Íocaíochtaí san áit oibre

Bíonn Saorthaisteal ar fáil freisin má bhí tú ag fáil Forlíonadh Éagumais nó Cúiteamh don Lucht Oibre le Pinsean Míthreorach ar feadh 12 mhí ar a laghad.

### Pinsean na nDall

Má tá tú dall nó má tá lagú radhairc ort agus má shásaíonn tú na coinníollacha leighis do Phinsean na nDall, d'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal an Scéim Saorthaistil a fháil chomh maith.

### Cúramóir sonraithe

Bíonn an Scéim Saorthaistil ar fáil freisin más cúramóir sonraithe tú do dhuine a fhaigheann:

- Liúntas Síorfhreastail ; **nó**
- Liúntas Gaoil Forordaithe ón Roinn.

### Íocaíocht ó thíortha thar lear

D'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal an Scéim Saorthaistil a fháil má tá tú ag fáil íocaíocht easláine slándála sóisialta nó íocaíocht dá leithéid ó:

- ballstát eile de chuid an AE; **nó**
- tír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn léi ar feadh 12 mhí ar a laghad.

### baintreach/baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach

D'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal an Scéim Saorthaistil a fháil más baintreach nó baintreach fir nó páirtnéar sibhialta marthanach tú atá 60 bliain d'aois nó níos sine. Sa chás seo, ní mór go mbeadh Pas Saorthaistil ag d'iarchéile nó d'iarpháirtnéir sibhialta agus ní mór go mbeadh ceann de na híocaíochtaí seo a leanas á fáil agat:

- Pinsean Baintrí;
- Pinsean Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach);
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir, nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-ranníocach);

- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora;
- Gnáthphinsean Baintrí nó Baintrí Fir Garda; **nó**
- Pinsean Sochair Báis faoi Scéim na Sochar Gortuithe Ceirde. Nóta: d'fhéadfadh go mbeadh an pinsean seo ina phinsean nó sochar leasa shóisialaigh den chineál céanna ó Bhallstát AE nó tír AE a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn léi.

| Má tá tuilleadh eolais uait faoin Scéim Saorthaistil |
| --- |
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/FreeTravel** nó cuir glaoch ar (071) 915 7100 |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

**Má tá tú 66 bliain d'aois nó níos sine**

Seolfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí an Cárta Saorthaistil chugat go huathoibríoch sna cásanna seo a leanas:

- má tú 66 bliain d'aois nó níos sine;
- má tá tú ag fáil pinsean leasa shóisialaigh; **agus**
- má tá d'fhéiniúlacht deimhnithe agat tríd an bpróiseas clárúcháin SAFE nuair a iarrtar ort é a sin a dhéanamh.

**Má tá tú faoi bhun 66**

Sa chás go bhfuil tú faoi bhun 66 bliain d'aois agus go bhfuil d'fhéiniúlacht deimhnithe agat tríd an bpróiseas clárúcháin SAFE, gheobhaidh tú Cárta Saorthaistil go huathoibríoch má bhronntar ceann acu seo a leanas ort:

- Pinsean Easláine;
- Pinsean na nDall;
- Liúntas Míchumais; **nó**
- Liúntas Cúramóra.

Mura bhfuil an clárúchán SAFE déanta agat, iarrfar ort é sin a dhéanamh sula gcuirfidh an Roinn do Chárta Saorthaistil ar fáil duit.

Is féidir leat foirm iarratais ar a dtugtar **FT1** a fháil ó:

- d'Ionad Intreo áitiúil nó oifig brainse leasa shóisialaigh i do cheantar áitiúil,
- an oifig Eolais do Shaoránaigh i do cheantar áitiúil; nó
- tabhairt cuairt ar **www.welfare.ie/forms** agus cliceáil an nasc 'Tacaíochtaí Eile'.

Cuir d'iarratas leis na cáipéisí tacaíochta ábhartha ar ais chuig an Roinn seo.

**An Rannóg Saorthaistil**
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

## Cad atá sa Liúntas Breosla?

Is íocaíocht de réir tástála acmhainne é an Liúntas Breosla chun cabhrú le costas téimh do thí le linn an gheimhridh. Íocann an Roinn é do dhaoine atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh go fadtéarmach (15 mhí nó níos mó). Ní íoctar ach Liúntas Breosla amháin do gach teaghlach. Is breisiú é an Liúntas Breosla le d'íocaíocht leasa shóisialaigh.

Is i mí Dheireadh Fómhair de ghnáth a chuirtear tús le séasúr an Liúntais Breosla agus tagann deireadh leis i mí Aibreáin.

### Conas a cháilítear?

**Má tá íocaíocht de réir tástála acmhainne á fáil agat**, an Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach) mar shampla, beidh an tástáil acmhainne comhlíonta agat cheana féin. Beidh tú cáilithe le haghaidh Liúntas Breosla mar sin.

**Mura bhfuil íocaíocht de réir tástála acmhainne á fáil agat** agus tá tú ag fáil íocaíocht bunaithe ar do thaifead árachais shóisialta, an Pinsean Stáit (Ranníocach) mar shampla, beidh ort tástáil acmhainne a chomhlíonadh le haghaidh an Liúntais Breosla.

D’fhéadfá cáiliú le haghaidh Liúntas Breosla má tá ceann de na híocaíochtaí seo a leanas á fáil agat:

- Pinsean Stáit (Ranníocach) nó (Neamh-ranníocach);
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) nó (Neamh-ranníocach);
- Scéim na Sochar Gortuithe Ceirde;
- Pinsean na nDall;
- Pinsean Easláine;

- Liúntas Míchumais;
- Sochar nó Liúntas Banchéile Thréigthe; Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora;
- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach nó Neamh-ranníocach);
- Liúntas Cuardaitheora Poist (ar feadh níos mó ná 15 mhí);
- Cúnamh Feirme;
- Liúntas Réamhscoir;
- Bunliúntas Leasa Forlíontach;
- Liúntas Cúramóra ar leathráta mar aon le híocaíocht cháilitheach leasa shóisialaigh eile.

### Staid chónaithe:

D'fhéadfá cáiliú le haghaidh Liúntas Breosla freisin má tá tú i do chónaí i d'aonair nó i do chónaí le:

- céile, páirtnéir sibhialta nó comháitritheoir atá cleithiúnach agus/nó leanaí cleithiúnacha;
- daoine eile a bhfuil ceann de na híocaíochtaí cáilitheacha á fáil acu agus a bheadh incháilithe do Lhiúntas Breosla as a gceart féin;
- duine a bhfuil Liúntas nó Sochar Cúramóra á fháil acu agus ag tabhairt aire lánaimseartha duitse nó do do chéile, páirtnéar nó comháitritheoir atá cleithiúnach;
- duine atá ag fail Liúntas Cuardaitheora Poist nó Bunliúntas Leasa Forlíontach.

## € Cad é an ráta íocaíochta?

Is é €24.50 ráta na seachtaine ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí Aibreáin gach bliain.

Is féidir le daoine atá ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a Liúntas Breosla a bheith íoctha dóibh in dhá chnapshuim. Is go luath i mí Dheireadh Fómhair a íoctar an chéad chnapshuim de ghnáth agus i mí Eanáir a thagann an dara íocaíocht.

### Conas is féidir íocaíocht a fháil in dhá chnapshuim?

Chun an Liúntas Breosla a bheith íoctha agat in dhá chnapshuim, líon isteach an fhoirm **FACPF1** mí amhain sula n-íoctar an chéad chnapshuim ar a laghad. Tá an fhoirm seo ar fáil chomh maith ó:

- d'oifig poist áitiúil;
- Ionad Intreo;
- oifig brainse leasa shóisialaigh.

Chomh maith leis sin, is féidir leat **FORM FUEL CHANGE** a théacsáil chomh maith le d'ainm agus do sheoladh chuig **51909.**

| Má tá tuilleadh eolais uait faoin Scéim Liúntais Breosla |
|---|
| Tabhair cuairt ar **www.welfare.ie/Fuel** |

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Más é seo an chéad uair duit iarratas ar Liúntas Breosla a chur isteach, ní mór duit an fhoirm iarratais **NFS1** a líonadh isteach. Is féidir leat an fhoirm seo a fháil chomh maith:

- ón Oifig Phoist áitiúil; **nó**
- trí théacs **FORM FUEL** chomh maith le d'ainm agus do sheoladh a chur chuig **51909**.

**Cuir iarratas isteach roimh thús shéasúr an téimh (tús mhí Dheireadh Fómhair), le do thoil. Má chuireann tú iarratas isteach níos déanaí ná sin, ní féidir leis an Roinn do liúntas a shiardhátú.**

### An gá dom athiarratas a dhéanamh gach bliain?

Ní gá duit athiarratas a dhéanamh ar an Liúntas Breosla gach bliain fad is nach n-athraíonn do choinsí agus go leanann tú den íocaíocht leasa shóisialaigh chéanna a fháil.

Mura bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat, is féidir do Liúntas Breosla a fháil go díreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais nó an íocaíocht a bhailiú ag d'oifig poist áitiúil.

| Cá háit ar féidir liom cur isteach ar an Liúntas Breosla? | |
|---|---|
| **D'íocaíocht** | **Seol d'iarratas chuig** |
| • Pinsean Easláine<br>• Liúntas Míchumais<br>• Forlíonadh Éagumais | **An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí** Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Tithe an Rialtais Bóthar Bhéal Átha na Lao<br>An Longfort<br>N39 E4E<br><br>Guthán: (043) 334 0000 |
| • Liúntas fadtéarmach do Chuardaitheoirí Poist (15 mhí)<br>• Cúnamh Feirme<br>• Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora nó Íocaíocht Idirthréimseach do Chuardaitheoirí Poist | Cuir d'fhoirm iarratais líonta chuig d'ionad Intreo áitiúil nó d'oifig brainse leasa shóisialaigh. |

| Cá háit ar féidir liom cur isteach ar an Liúntas Breosla? | |
|---|---|
| **D'íocaíocht** | **Seol d'iarratas chuig** |
| • Pinsean Baintrí, Baintrí Fir, nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)<br>• Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-ranníocach)<br>• Sochar nó Liúntas Banchéile Thréigthe<br>• Pinsean Stáit (Ranníocach nó Neamh-ranníocach)<br>• Pinsean na nDall<br>• Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)<br>• Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach) | **An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí**<br>Seirbhísí Leasa Shóisialaigh<br>Bóthar an Choláiste<br>Sligeach<br>F91 T384<br><br>Guthán: (071) 915 7100 |

| Cá háit ar féidir liom cur isteach ar an Liúntas Breosla? | |
|---|---|
| **D'íocaíocht** | Seol d'iarratas chuig |
| Liúntas Leasa Forlíontach Fadtéarmach (15 mhí) | Ionadaí de chuid **na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí** (ar ar tugadh Oifigeach Leasa Pobail roimhe seo) i d'Ionad Intreo áitiúil. |
| Daoine atá ag fáil íocaíocht ó thír atá clúdaithe ag Rialacháin an AE nó ó thír a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialaí ag Éirinn léi. Ní mór go mbeadh an íocaíocht ar chomhionann le ceann de na híocaíochtaí cáilitheacha atá luaite. | **An Scéim Náisiúnta Breosla**<br>Seirbhísí Leasa Shóisialaigh<br>Bóthar an Choláiste<br>Sligeach<br>F91 T384<br><br>Guthán: (071) 915 7100 |

# Tuilleadh eolais

Níos mó eolais faoi ÁSPC 65

Cur síos ar cé a íocann na príomhaicmí ÁSPC atá luaite sa treoir seo 67

Cén aicme ÁSPC a chlúdaíonn cén sochar do dhaoine breacaosta? 69

Gluais 71

Rátaí do dhuine fásta cáilithe agus leanaí cáilithe 2019 76

Tuilleadh eolais 78

## Níos mó eolais faoi ÁSPC

Má tá tú fostaithe nó féinfhostaithe, íocfaidh tú aicme áirithe d'ÁSPC.

Tá dhá thábla sa chuid seo, agus tá súil againn go mbeidh siad ina gcabhair duit.

Léiríonn Tábla 1 cén aicme ÁSPC atá á íoc ag na hoibrithe éagsúla. Inseoidh do dhuillín pá duit cén aicme de ranníocaíocht ÁSPC a íocann tú. Má tá tú féinfhostaithe, is dócha go n-íocann tú ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme S. Tá Tábla 1 le fáil ar leathanach 67.

I dTábla 2, taispeántar cén tacaíochtaí leasa shóisialaigh a d'fhéadfadh go gcáileodh tú lena n-aghaidh ag brath ar an aicme ÁSPC a íocann tú. Tá Tábla 2 le fáil ar leathanach 69.

### Tábhachtach

Más fostaí thú a íocann ranníocaíocht árachais shóisialta Aicme A, iarr ar d'fhostóir é sin a athrú go hAicme J nuair a shroicheann tú 66.

Má tá tú féinfhostaithe agus ag íoc ranníocaíocht árachais shóisialta Aicme S, ba cheart duit ÁSPC a íoc ag Aicme M tar éis duit 66 a bhaint amach.

Tá sé tábhachtach é sin a dhéanamh mar nuair a shroicheann tú aois an Phinsin Stáit (66 bliain d'aois) ní bheidh ort an ÁSPC a íoc a thuilleadh fiú má leanann tú ort ag obair. **Tá tábhacht ag baint le líon na ranníocaíochtaí ÁSPC atá agat ar do thaifead árachais shóisialta chomh maith**.

Chun cáiliú do na sochair sa treoir seo, is gá go mbeadh líon áirithe ranníocaíochtaí ÁSPC agat. Sa phríomhchuid den treoir seo, féachaimid le míniú a thabhairt ar líon na ranníocaíochtaí ÁSPC a theastaíonn chun cáiliú do shochair áirithe leasa shóisialta ach tá sé seo casta agus lasmuigh de scóip na treorach seo. Molaimid duit cóip de do thaifead árachais shóisialta a lorg ar líne ag **www. mywelfare.ie** nó trí **ghlaoch ar (01) 471 5898** agus rogha 4 a roghnú. Inseoidh an taifead seo duit cá mhéad ranníocaíocht atá íoctha agat gach bliain a raibh tú ag obair. **Is féidir leat eolas a fháil chomh maith ó d'Ionad Intreo áitiúil nó d'oifig áitiúil leasa shóisialaigh**

## Conas is féidir liom rochtain a fháil ar mo thaifead árachais shóisialta ar líne?

Chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar MyWelfare.ie, teastaíonn cuntas fíoraithe MyGovID uait.

Faigh rochtain ar MyWelfare trí logáil isteach agus do MyGovID á úsáid – d'Ainm Úsáideora (seoladh ríomhphoist) agus do phasfhocal.

Foghlaim conas clárú agus faigh tuilleadh eolais faoi MyGovID ar **www.mygovid.ie.**

## An gcuirtear san áireamh árachas sóisialta a d'íoc mé i dtír eile?

Is féidir leat aon ranníocaíochtaí árachais shóisialta eile a úsaid a d'fhéadfadh a bheith íoctha agat i mBallstát AE eile nó i dtír lena bhfuil Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialta ag Éirinn chun líon na ranníocaíochtaí ÁSPC a bhaint amach a theastaíonn uait chun pinsean leasa shóisialaigh nó sochar eile a fháil.

I gcás roinnt scéimeanna (mar Shochar Cuardaitheora Poist), tá roinnt coinníollacha breise nach mór duit a shásamh sular féidir linn do thaifead ÁSPC ó thír eile a chur san áireamh. Féach ar an mír faoin Sochar Cuardaitheora Poist ar leathanach 10 le haghaidh tuilleadh eolais faoi sin, le do thoil.

## Tábla 1: Cur síos ar cé a íocann de réir na bpríomhaicmí ÁSPC atá luaite sa treoir seo

| Aicme ÁSPC | Cur síos ar dhaoine atá clúdaithe ag gach ceann de na príomhaicmí ranníocaíochta ÁSPC atá luaite sa treoir seo. |
|---|---|
| Aicme A | • Fostaithe i mbun fostaíochta de chineál tionscail, gnó agus seirbhíse a thuilleann níos mó ná €38 in aghaidh na seachtaine roimh aon déaduchtuithe<br>• Státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ar nó tar éis an 6 Aibreán 1995<br>• Oibrithe Fostaíochta Pobail a earcaíodh ar nó tar éisan 6 Aibreán 1996 |
| Aicme B | • Státseirbhísigh bhuana agus Gardaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995<br>• Dochtúirí agus fiaclóirí a fostaíodh ag an státseirbhís roimh an 6 Aibreán 1995 |
| Aicme C | • Oifigigh Airm Choimisiúnaithe agus baill de Sheirbhís Altranais an Airm a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 |
| Aicme D | • Fostaithe buana agus inphinsin sa tseirbhís phoiblí, a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 |
| Aicme E | • Ministir Creidimh atá fostaithe ag Comhlacht Ionadaíoch Eaglais na hÉireann |
| Aicme H | • Baill foirne Óglaigh na hÉireann |
| Aicme P | • Iascairí féinfhostaithe |
| Aicme S | • Daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear roinnt stiúrthóirí cuideachta, trádálaithe aonair agus roinnt daoine a thuilleann níos mó ná €5,000 ó infheistíochtaí, cíosanna agus cothabháil |

**Tábhachtach:** Más fostaí thú a íocann ranníocaíocht árachais shóisialta Aicme A, iarr ar d'fhostóir é sin a athrú go hAicme J nuair a shroicheann tú 66. **Inseoidh do dhuillín pá duit cén aicme de ranníocaíocht ÁSPC a íocann tú.**

Má tá tú féinfhostaithe agus ag íoc ranníocaíocht árachais shóisialta Aicme S, ba cheart duit ÁSPC a íoc ag Aicme M tar éis duit 66 a bhaint amach.

Ba chóir go n-athródh d'aicme ÁSPC ó J go M ionas nach gcaithfeá ÁSPC ar bith - nuair a fhaigheann tú an Pinsean Stáit. Sin í an íocaíocht leasa shóisialaigh dheireanach ar féidir leat a fháil.

## Cén aicme ÁSPC a chlúdaíonn cén sochar do dhaoine breacaosta?

Braitheann se, má íocann tú ÁSPC ag aicme A a bhaineann leis an gcuid is mó againn a rinne obair, tá tú i dteideal iarratas a dhéanamh ar gach ceann de na ceithre shochar atá liostaithe thíos.

Mar sin féin, má íocann tú ag aicme P níl tú i dteideal ach iarratas a dhéanamh ar Shochar Cuardaitheora Poist (leagan teoranta).

### Tábla 2: Aicmí ÁSPC a íocadh agus na sochair dá gcáilíonn tú

| Aicmí ÁSPC: | A | B | C | D | E | H | P | S |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sochair:** | | | | | | | | |
| Sochar Cúramóra | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Féach ar an nóta thíos | | |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | Sea | | | | Sea | Sea | | Sea |
| Sochar Cuardaitheora Poist | Sea | | | | | Sea | Sea - Sochar Teoranta | |
| Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | Sea | Sea | Sea | Sea | Sea | Féach ar an nóta thíos | | Sea |

**Nóta:** Íocann **baill** d'Óglaigh na hÉireann ranníocaíochtaí Aicme H agus níl siad i dteideal ach Sochar Cúramóra agus Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a fháil agus iad ag fónamh in Óglaigh na hÉireann.

**Cuimhnigh:** Níl ach cuid amháin den phróiseas cáilíochta sochair atá sa choinníoll ÁSPC. Iarrtar ort féachaint ar an gcuid faoin sochar ábhartha chun féachaint cén coinníollacha eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

# Gluais

**Comhaontú Déthaobhach Slándála Sóisialta:**

Is comhaontú é seo idir Éire agus tír eile. Cosnaíonn sé teidlíochtaí pinsin na nÉireannach a oibríonn i dtíortha eile. Ar an mbealach céanna, cosnaíonn sé teidlíochtaí na ndaoine a thagann go hÉirinn chun obair a dhéanamh.

**Liúntas Síorfhreastail:**

Is féidir an liúntas seo a íoc gach seachtain mar mhéadú ar Phinsean Míthreorach i gcás go bhfuil an oiread míchumais ort gur gá do dhuine éigin (gaol nó duine eile) cabhrú leat sa bhaile gach lá chun freastal ar do riachtanais phearsanta ar feadh 6 mhí ar a laghad. Ní mór Pinsean Míthreorach de 50% nó níos mó a bheith á fháil agat. Cáilítear le haghaidh Liúntas Síorfhreastail má mholann príomhchomhairleoir leighis de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí é.

Ní bhfaighidh tú an liúntas le linn aon tréimhse a chaitheann tú san ospidéal nó ionad cúraim dá leithéid. Ní íoctar an Liúntas Síorfhreastail lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Bliain ranníoca ábhartha:**

Is í an bhliain ranníoca ábhartha an dara bliain chánach iomlán dheireanach roimh an mbliain ina ndéanann tú d'éileamh. Mar shampla, má dhéanann tú d'éileamh in 2018, is í an bhliain ranníoca ábhartha ná 2016.

**Gnáthchónaí:**

Ciallaíonn gnáthchónaí go bhfuil cónaí ort in Éirinn agus gur féidir leat a chruthú go bhfuil dlúthnasc agat leis an Stát – mar shampla rugadh agus tógadh in Éirinn thú, tá garghaolta leat ina gcónaí anseo, agus mar sin de. Déanaimid ceithre phríomhfhachtóir a mheas chun cinneadh cibé acu an bhfuil gnáthchónaí ort sa Stát. Is iad seo:

1. ceart chun cónaí in Éirinn;

2. cé chomh fada is atá cónaí ort in Éirinn;

3. cibé acu an raibh cónaí ort go leanúnach in Éirinn; **agus**

4. do ghnáthstaid chónaithe in Éirinn.

Is féidir leat am a chaitheamh lasmuigh d'Éirinn ar laethanta saoire ar feadh tréimhsí gearra, i mbun staidéir nó taistil, agus measfar fós go bhfuil ghnáthchónaí ort anseo. Má tá sé mar choinníoll le haghaidh d'íocaíochta, ní mór go mbeadh gnáthchónaí ort fós in Éirinn agus tú á íoc.

**Fostaíocht Inárachais:**

Is é atá i gceist leis an bhfostaíocht inárachais ná fostaíocht daoine ó roinnt cineáil fostaíochta atá idir 16 agus 66 bliain d'aois agus faoi dhliteanas ranníocaíochtaí árachais a íoc.

**Taifead inárachais (fostaíochta) / taifead ÁSPC:**

Is taifead é seo a dhéanann an Roinn maidir leis an ÁSPC ar fad a íocann tú nuair atá tú i bhfostaíocht inárachais.

Chun do thaifead árachais shóisialta a sheiceáil (sonraí maidir le d'fhostaíocht inárachais), beidh d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPS) ag teastáil uait agus caithfidh tú dul ar líne agus do thaifead a sheiceáil ar **www.welfare.ie**. Chun an taifead seo a fháil beidh ort cuntas (cuntas MyGovID) a dhéanamh chomh maith. Leis an méid sin déanta agat, is féidir leat:

- cóip de do thaifead rannaíochta árachais (Ráiteas Ranníocaíochta) a lorg chun go seolfaí é chuig an seoladh atá ar taifead;

**nó**

- glaoch a chur ar ár Rannóg na dTaifead ar 01 471 5898 agus rogha 4 a roghnú. Seolfaidh siad cóip chugat.

**Tástáil acmhainne:**

Ciallaíonn sé sin go bhfaighimid amach cibé acu an gcáilíonn nó nach gcáilíonn tú le haghaidh sochar agus liúntas. Braitheann sé sin ar d'ioncam, ar luach aon réadmhaoine atá agat (seachas do theach) agus aon airgead atá sábháilte agat. Mar chuid den tástáil acmhainne, cuirtear san áireamh d'ioncam féin agus aon ioncam ó do chéile nó do pháirtí. Úsáidtear é sin chun oibriú amach cá mhéad a íocfaimid leat má cháilíonn tú.

**MyGovID:**

Is cuntas singil é sin a ligeann duit seirbhísí ar líne a úsáid ó go leor Ranna Rialtais. Chun clárú do MyGovID fíoraithe, beidh Cárta Seirbhísí Poiblí agus fón póca ag teastáil uait. Chun níos mó a fhoghlaim agus MyGovID a chruthú tabhair cuairt ar **www.MyGovID.ie.** Is féidir leat cabhair a fháil ón oifig Intreo áitiúil leis seo.

**MyWelfare:**

Is é seo an áit a mbíonn seirbhísí leasa ar líne. Tugann sé rochtain ar líne duit ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear coinní a dhéanamh agus iarratais a chur isteach ar chuid de na sochair sa treoir seo. Tá sé sábháilte, slán agus inrochtana ar gach gléas. Má tá tuilleadh eolais uait tabhair cuairt ar
**www.mywelfare.ie.**

**P45:**

Cáipéis a fhaigheann fostaí nuair a éiríonn siad as post. Léiríonn sé a bpá iomlán go dtí dáta ar fhág siad, mar aon leis an gcáin agus an ÁSPC atá asbhainte ag a bhfostóir.

**Liúntas Gaoil Forordaithe:**

Is íocaíocht í seo a dhéantar in éineacht leis an bPinsean Stáit do dhaoine atá 66 bliain d'aois nó níos sine agus ag tabhairt aire do dhlúthghaol go lánaimseartha. Ní mór go bhfaigheadh an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dóibh íocaíocht cháilithe ón Roinn.

**Duine Fásta Cáilithe:**

Ciallaíonn sé sin go bhfuil ioncam do chéile nó do pháirtnéara faoi bhun leibhéal áirithe agus go bhfaigheann tú méadú ar d'íocaíocht ina leith.

**Leanbh Cáilithe:**

Ciallaíonn sé sin go bhféadfá méid sa bhreis a fháil le haghaidh do linbh, méid ar a dtugar Méadú i leith Leanbh Cáilithe.

Chun an méadú seo a fháil ní mór maidir le do leanbh:

- go mbeidís ina gcónaí leatsa sa Stát;
- go mbeidís ag an aois cheart don íocaíocht atá a héileamh agat (bíonn an aois difriúil ag brath ar an scéim); **agus**
- nach mbeidís faoi choimeád dlíthiúil.

**Próiseas Clárúcháin SAFE:**

Is próiseas é seo a úsáideann an Roinn chun aitheantas duine a shocrú agus a fhíorú ionas gur féidir léi a bheith cinnte gurb é/í an duine céanna an duine atá ag úsáid na seirbhíse agus an duine a mhaíonn siad gurb é/í. Nuair a chláraíonn tú don tseirbhís seo ar líne, iarrfar ort freastal ar Ionad Intreo de do rogha féin chun Cárta Seirbhísí Poiblí a fháil. Cabhróidh d'Ionad Intreo áitiúil leat leis an bpróiseas seo de réir mar is gá. Caithfidh tú dul tríd an bpróiseas seo chun seirbhísí amhail do Liúntas Saorthaistil a fháil.

**Taifead árachais shóisialta:**

Féach ar "Thaifead Inárachais" ar leathanach 73, le do thoil.

**Ioncam neamhthuillte:**

I measc samplaí den chineál seo ioncaim, tá: ioncam cíosa, ioncam infheistíochta, díbhinní (airgead íoctha le scairshealbhóirí cuideachta) agus ús ar thaiscí agus coigealtas. Íoctar ÁSPC i ndáil leis an ioncam sin.

## Ráta méadaithe do dhuine fásta cáilithe agus leanaí cáilithe 2019

### Íocaíochtaí Árachais Shóisialta:

| Íocaíocht | Duine Fásta | Leanbh faoi bhun 12 | Leanbh atá 12 nó níos sine |
|---|---|---|---|
| **Pinsean Stáit (Ranníocach)** | | | |
| Duine fásta faoi bhun 66 bliain | €165.40 | €36 | €40 |
| Duine fásta atá 66 bliain agus Níos Sine | €222.50 | €36 | €40 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Pinsean Ranníocach | Ní bhaineann le hábhar | €36 | €40 |
| Pinsean Easláine | €148.90 | €36 | €40 |
| Sochar Cúramóra | Ní bhaineann le hábhar | €36 | €40 |
| Sochar Míthreorach | Ní bhaineann le hábhar | €36 | €40 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | €134.70 | €36 | €40 |

## Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh

| Íocaíocht | Duine Fásta | Leanbh faoi bhun 12 | Leanbh atá 12 nó níos sine |
|---|---|---|---|
| **Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)** | €156.60 | €36 | €40 |
| Liúntas Cúramóra | Ní bhaineann le hábhar | €36 | €40 |
| Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall | €134.70 | €36 | €40 |
| Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-ranníocach) | Ní bhaineann le hábhar | €36 | €40 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | €134.70 | €36 | €40 |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | Ní bhaineann le hábhar | €36 | €40 |
| Idir 18 agus 24 bliain d'aois | €112.70 | €36 | €40 |
| 25 bliain d'aois nó níos sine | €134.70 | €36 | €40 |

# Tuilleadh eolais

Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú eolais dhlíthiúil a sholáthar ann.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach le do thoil ar **www.welfare.ie** nó buail isteach ar d'oifig Intreo áitiúil, áit a mbeidh baill foirne in ann comhairle agus tacaíochtaíocht a thabhairt duit.

**An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí**
Department of Employment Affairs and Social Protection